Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2012

# Tíreolaíocht

## Aonad 2: Maireachtáil ar an Domhan Againn

## Ardsraith

**[GGG22]**

GGG22

**DÉ LUAIN 18 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna seo: **1(b)**, **1(h)(ii)** agus **2(c)(ii)**.


| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| **Marc Iomlán** | |

7320.05

StudentBounty.com
www.StudentBounty.com

**Téama A: Daoine agus an Áit a gCónaíonn siad**

**1** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 1** a thaispeánann pirimidí daonra. Freagair na ceisteanna a leanann.




*© Rapid Intelligence http://www.nationmaster.com/country/in-afghanstan/Age-distribution*
*http://www.nationmaster.com/country/ca-canada/Age-_distribution*

**Fíor 1**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cá mhéad duine i gCeanada atá idir 0-4 bliain d'aois? Folínigh an freagra ón liosta seo thíos.

5.3 milliún 1.85 milliún 0.9 milliún [1]

**(ii)** Cuir síos ar **dhá** dhifear maidir le cruth an dá phirimid daonra in **Fíor 1**.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

______________________________________ [4]



www.StudentBounty.com

**(b)** Is daoine cleithiúnacha seanaoise iad daoine atá níos sine ná 65 bliain. Mínigh **dhá** fhadhb a bhíonn ann nuair atá ráta ard de dhaoine cleithiúnacha seanaoise i dtír.

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com


**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**



www.StudentBounty.com

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 2** a thaispeánann líon na n-imirceach ó na tíortha A8 a tháinig go Tuaisceart Éireann. Freagair na ceisteanna a leanann.




**Ceantair Rialtais Áitiúil (CRA)**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Aontroim | 1,500 | Cúil Raithin | 1,200 | Lios na gCearrbhach | 1,000 |
| An Aird | 500 | An Chorr Chríochach | 900 | Machaire Fíolta | 900 |
| Ard Mhacha | 1,200 | Craigavon | 3,100 | An Mhaoil | 100 |
| An Baile Meánach | 1,600 | Doire | 600 | An tIúr agus Múrna | 3,000 |
| Baile Monaidh | 300 | An Dún | 600 | Baile na Mainistreach | 700 |
| Droichead na Banna | 300 | Dún Geanainn | 3,700 | An Dún Thuaidh | 300 |
| Béal Feirste | 4,999 | Fear Manach | 1,000 | An Ómaigh | 1,200 |
| Carraig Fhearghais | 100 | Latharna | 100 | An Srath Bán | 300 |
| An Caisleán Riabhach | 300 | Léim an Mhadaidh | 300 | | |

**Nótaí:**
Baineann an téarma “Tíortha A8” leis na hocht dtír i Lár agus in Oirthear na hEorpa a tháinig isteach san Aontas Eorpach i mBealtaine 2004.

Is iad na Tíortha A8 ná: Poblacht na Seice, An Eastóin, An Ungáir, An Laitvia, An Liotuáin, An Pholainn, An tSlóvaic, an tSlóivéin.

© Crown copyright

**Fíor 2**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma **imirce**?

[2]

**(ii)** Ainmnigh an ceantar CRA i dTuaisceart Éireann a bhfuil an líon is mó imirceach ann.

[1]

**(iii)** Ainmnigh an cineál teicníc léarscáilíochta a bhí in úsáid le **Fíor 2** a tharraingt.

[1]

**(iv)** Mínigh fadhb **amháin** a bhíonn ann nuair a úsáidtear amh-uimhir le líon na n-imirceach i ngach ceann de na ceantair Rialtais Áitiúil a léiriú.

[2]


**(v)** Luaigh **dhá** éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag imirce idirnáisiúnta ar cheantar.

[2]



www.StudentBounty.com

**(d)** Déan staidéar ar **Fíor 3** a thaispeánann an t-athrú ar dhaonra an domhain ó 1AD - 2000AD. Freagair an cheist a leanann.




*© Geography GCSE by Anna King (OUP, 2006), reproduced by permission of Oxford University Press*

**Fíor 3**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar an athrú ar dhaonra an domhain le ham mar atá á léiriú in **Fíor 3**.

[5]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Baineann suíomh de chineál éigin le gach lonnaíocht. Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le suíomh fliuchphointe.

[2]

**(f)** Mínigh cad chuige a mbíonn seirbhísí ardoird ar fáil i gcathracha.

[4]




[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(g)** Déan staidéar ar **Fíor 4** a thaispeánann léarscáil de thalamhúsáid i nDún Éideann. Freagair na ceisteanna seo thíos.




*Foinse: scrúdaitheoir*

**Fíor 4**

**(i)** Leis an eochair atá leis an léarscáil de thalamhúsáid i nDún Éideann (**Fíor 4**) a chomhlánú, scríobh an crios ceart de thalamhúsáid ar an eochair. Roghnaigh na freagraí ón liosta seo thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Siamsaíocht | LCG (CBD) | Imeall tuaithe is cathrach | Lár na Cathrach |

[3]



www.StudentBounty.com

**(ii)** Úsáid **Fíor 4** agus cuir síos ar shuíomh na tionsclaíochta taobh istigh de Dhún Éideann.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **sraoilleáil uirbeach**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(h) (i)** Is é is uirbiú ann ná méadú ar chéatadán na ndaoine atá ina gcónaí i limistéir uirbeacha. Mínigh **dhá** chúis le huirbiú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Ainmnigh cathair i dtír fhorbartha (MEDC) agus mínigh cén dóigh ar tháinig feabhas ar an limistéar lár cathrach mar gheall ar scéim phleanála agus meas cé chomh hinbhuanaithe is atá an scéim.

[8]




www.StudentBounty.com

## Téama B: Codarsnachtaí maidir le Forbairt an Domhain

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 5** a thaispeánann cad é mar a bhíonn an IFD (HDI) ag athrú le ham i gcás roinnt tíortha. Freagair na ceisteanna a leanann.




*© 2010 Human Development Report, United Nations Development Programme*

**Fíor 5**

**(i)** Cad é dó a seasann **IFD**?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Úsáid **Fíor 5** agus luaigh cén tír ar dóichí gur tír i mbéal forbartha (LEDC) í.

______________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **forbairt**?

[2]

**(iv)** Mínigh cad é mar a chuireann an scór IFD an leibhéal forbartha i dtír in iúl.

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 6** a thaispeánann cad é mar a bhí ilchríoch na hAfraice á rialú ag tíortha éagsúla in 1914. Freagair na ceisteanna a leanann.

**Fíor 6**

**(i)** Ainmnigh an tír a raibh An Chéinia á rialú aici uair amháin.

_______________________ [1]

**(ii)** Cá mhéad tír neamhspleách a bhí san Afraic in 1914?

_______________________ [1]



www.StudentBounty.com

**(iii)** Mínigh cad é mar a chuirfeadh tosca stairiúla cosc le forbairt i dtíortha i mbéal forbartha. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh d'áiteanna sa fhreagra.

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 7** a thaispeánann cad é mar a chaitheann eagraíocht cúnaimh an t-airgead carthanúil aici. Freagair na ceisteanna a leanann.




TRÓCAIRE
Bronntanas Domhanda

Abair go bhfuil tú i do chónaí faoi bhrat plaisteach i ndiaidh gur cuireadh amach as do thalamh thú agus nach bhfuil dóchas ar bith ann go mbeidh do theach féin agat choíche arís. Seo mar atá an saol i gcás 3,000 duine i bpobal i dtuaisceart Hondúras. An traenáil agus na hábhair atá de dhíth le teach nua a thógáil, beidh do bhronntanas ina chuidiú iad a chur ar fáil. Beidh fothain, i séasúr na báistí, agus áit shlán ag an teaghlach agus iad sa teach nua.




© *Trocaire*

**Fíor 7**

**(i)** Luaigh an cineál cúnaimh atá á léiriú in **Fíor 7**. Folínigh an freagra ceart ón liosta seo thíos.

**Ceangailte** **Iltaobhach** **Deonach** [1]



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

**(ii)** Meas an dóigh a mbeadh idir bhuntáistí agus fhadhbanna ag tíortha i mbéal forbartha mar gheall ar chúnamh. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh d'áiteanna sa fhreagra.

[7]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 8** a thaispeánann cad é mar atá dhá limistéar Comhairle ag déileáil le dramhaíl ar bhonn inbhuanaithe. Freagair na ceisteanna a leanann.

**Dramhaíl le tiontú ina cumhacht i gCo. Thír Eoghain.**

- Is le Comhairle Dún Geanainn agus le Comhairle na hÓmaí an Láithreán Líonadh Talún in Tullyvar taobh amuigh de Bhaile Uí Dhálaigh, Co Thir Eoghain.
- Thug na Comhairlí an coincheap d'fhuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe chucu féin agus thosaigh siad ar an ghás meatáin atá á scaoileadh ón dramhaíl sa láithreán líonadh talún a úsáid.
- Is cineál d'athchúrsáil an-éifeachtach é an gás ó láithreán líonadh talún a úsáid le leictreachas a ghiniúint. Bainfidh an tionscadal úsáid as tuairim is 5000 tonna/ sa bhliain de ghás a tháirgtear ón láithreán líonadh talún. Is ionann an leictreachas a tháirgfear sa tionscadal agus an leictreachas a d'úsáidfí in 800 teach.




*© Hemera / Thinkstock*

*Foinse: arna chur in oiriúint as Tyrone Courier 2010*

**Fíor 8**

**(i)** Ainmnigh an gás in **Fíor 8** á úsáidtear le leictreachas a ghiniúint.

______________________________________________ [1]



[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **láithreán líonadh talún**?

[2]

**(iii)** Mínigh buairt **amháin** maidir le sláinte a bhaineann le láithreán líonadh talún.

[3]

**(b)** Mínigh cad chuige a gcaithfear raon de mhodhanna inbhuanaithe bainistíocht dramhaíola a chur i bhfeidhm i gceantar rialtais áitiúil a ndearna tú staidéar air.

[5]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 9** a thaispeánann alt faoi shaoirí a bhíonn ag pinsinéirí. Freagair na ceisteanna a leanann.

**Tá Pinsinéirí 'Óga' Ag Dul Ar Níos Mó Saoirí i bhFad i gCéin**




- Tá beagnach 12 mhilliún pinsinéir, chóir a bheith 1 duine as gach 5 dhuine (20%), i ndaonra iomlán na RA.
- Bíonn saoire níos faide ag daoine níos sine, chuaigh daoine atá níos sine ná 65 bliain d'aois, mar shampla, ar níos mó ná 121,000 turas dar fad 3-6 mí.
- Tá níos mó ná £20,000 i dtaisce ag 25 faoin chéad (duine amháin as gach ceathrar) de na teaghlaigh a bhfuil duine fásta amháin nó níos mó os cionn 65 bliain d'aois iontu.
- Is é 81.5 bliain an t-ionchas saoil do mhná agus is é 77.3 bliain an t-ionchas saoil d'fhir.

*© Monkey Business / Thinkstock*

**Fíor 9**

**(i)** Úsáid an fhaisnéis in **Fíor 9** agus comhlánaigh **Fíor 10** leis an chéatadán de phinsinéirí sa RA a thaispeáint. [2]




**Fíor 10**



www.StudentBounty.com

**(ii)** Mínigh cad chuige a bhfuil pinsinéirí ag cur le fás turasóireachta ó na 1960í.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **éiceathurasóireacht**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

**(d)** Úsáid cás-staidéar **amháin** ar chathair taobh istigh den Aontas Eorpach (seachas Éire agus An Bhreatain Mhór) agus meas na bearta a cuireadh i bhfeidhm le trácht a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe.

[7]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**



www.StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com